18 Samhain 2013

# Aighneacht Gaelscoileanna Teo.

**ar**

# Uileghabhálacht Bhreisithe a Chur Chun Cinn sna Bunscoileanna

**chuig**

## An Roinn Oideachais agus Scileanna

**Sonraí Teagmhála:**
Bláthnaid ní Ghréacháin
Ardfheidhmeannach
GAELSCOILEANNA TEO.
Institiúid Oideachais Marino
Ascaill Uí Ghríofa
BÁC 9
Ríomhphost: blathnaid@gaelscoileanna.ie
Teil: 01 8535190 / 086 8050335

## 1.1 Réamhfhocal

Is mian le Gaelscoileanna Teo. leis seo aighneacht a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna mar fhreagairt do chuireadh ar aighneacht mar chuid den phróiseas comhairliúcháin ar cheist an **Uileghabhálacht Bhreisithe a Chur Chun Cinn sna Bunscoileanna.**

Fáiltíonn Gaelscoileanna Teo. roimh an deis ionchur a bheith acu sa phróiseas ach go háirithe mar a bhaineann leis na scoileanna lán-Ghaeilge. Fáiltíonn an eagraíocht roimh chóras oideachais a chinntíonn cleachtais uilechuimsitheacha, trédhearcacha, cothrom, agus a ardaíonn muinín na bpobal éagsúla, ach go háirithe na dtuismitheoirí reatha agus ionchasacha, dá réir.

Ghlac Gaelscoileanna Teo. páirt ghníomhach agus lárnach sa bhfóram faoi Phátrúnacht agus Iolrachas in Earnáil an Bhunoideachais sna blianta 2011-2012. D'fháiltíomar go mór roimh an deis ionchur a bheith againn sa phróiseas trí chur i láthair sna seisiún poiblí agus trí aighneachtaí a scríobh. Tógann an aighneacht seo ar na pointí a ardaíodh sna haighneachtaí go dáta ar an ábhar agus déantar forbairt ar na coincheapa ina leith, ag freagairt go díreach do na saincheisteanna a ardaíodh sa chuireadh chun aighneachta.

## 1.2 Ról Gaelscoileanna Teo.

Bunaíodh Gaelscoileanna Teo. sa bhliain 1973 mar eagraíocht chomhordaitheach agus tacaíochta na scoileanna lán-Ghaeilge ag an mbunleibhéal agus ag an iarbhunleibhéal. Is í príomhaidhm Gaelscoileanna Teo. ná an ghaelscolaíocht a chur chun cinn, a éascú agus a spreagadh ag an mbunleibhéal agus ag an iarbhunleibhéal ar fud fad na hÉireann. Tá stádas ag an eagraíocht mar Chomhpháirtí Oideachais de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Tá Gaelscoileanna Teo. ionadaíoch ar na scoileanna lán-Ghaeilge ar fad sna 26 contae faoi gach pátrún lasmuigh den Ghaeltacht, is é sin 144 bunscoil agus 36 iarbhunscoil lán-Ghaeilge. Bíonn dlúthchomhoibriú idir an eagraíocht agus Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta, atá ionadaíoch ar na scoileanna lán-Ghaeilge uile sa Ghaeltacht agus le Comhairle na Gaelscolaíochta atá ionadaíoch ar na scoileanna lán-Ghaeilge uile sna sé contae.

Tá áit uathúil ag an eagraíocht sa phlé agus sna forbairtí seo sa mhéid is gur córas oscailte é an ghaelscolaíocht do gach pátrún agus de réir gach sainmheon, agus dá réir, cuirtear eolas cothrom agus neamhchlaonta ar fáil maidir leis an ngaelscolaíocht do phobal na scoileanna, don mhórphobal agus do thuismitheoirí ionchasacha.

## 1.3 Soláthar agus Éileamh ar Scoileanna lán-Ghaeilge

Is é an príomh-dhúshláin sa soláthar seirbhís tacaíochta ó Gaelscoileanna Teo. ná an **ró-éileamh ar scoileanna lán-Ghaeilge agus easpa acmhainneachta na scoileanna freastal ar gach páiste de bharr brú spáis**. Ní hionann an soláthar agus an t-éileamh, rud a chruthaíonn míshástacht agus díomá i measc tuismitheoirí ionchasacha. Léiríonn staitisticí 2012 de chuid Gaelscoileanna Teo. , go bhfuil **ró-éileamh ann i gcás 29% de na bunscoileanna agus 22% de na hiarbhunscoileanna**. Aithnítear go bhfuil sé fíor-dheacair i gcás ró-éilimh córas a bhunú a shásódh gach duine agus atá cothrom do chách agus a léiríonn an uileghabhálacht mar ba chóir.

Don 71% de bhunscoileanna agus 78% d'iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge a bhfuil ar a gcumas freastal ar an éileamh, líontar gach éileamh ar iarratas agus bíonn scoileanna go gníomhach ag iarraidh breis daltaí a mhealladh chucu.

I gcás ró-éileamh, ní mór do scoileanna critéir roghnúcháin a chomhaontú agus a chur i bhfeidhm. Tá bunú scoileanna i gcroílár obair Gaelscoileanna Teo. agus bíonn dlúthchomhoibriú ar bun idir an eagraíocht agus an Roinn Oideachais agus Scileanna chun go dtógfar éileamh ar an ngaelscolaíocht san áireamh i bpleanáil chun cinn na Roinne don soláthar. Ó athraíodh an córas bunaithe scoile ó chóras a bhí pobal féintionscanta, i gcomhar le Gaelscoileanna Teo. agus an pátrún cuí, go córas ina ndéanann an Roinn na ceantair a réamhaithint don soláthar, tá laghdú ar líon na ndeiseanna atá ann do pháistí freastal ar scoil lán-Ghaeilge. Ní call a rá, dá mbeadh an soláthar ag freastal ar an éileamh go mbeadh deis ag gach páiste sa tír oideachas lán-Ghaeilge a fháil.

I bhfianaise an ró-éilimh a bhíonn ar scoileanna lán-Ghaeilge bíonn bac ar roinnt scoileanna fás agus forbairt de réir mar is gá. Tá plé agus comhairliúchán leanúnach ar bun idir an eagraíocht agus an Roinn Tógála ar an gceist seo. I gcás scoileanna a bheith á n-aithint go hoifigiúil ag an Roinn amach anseo, molann an Roinn gur scoileanna 2 nó 3 shruth a bheidh ann agus i gcás scoileanna atá ann cheana agus atá i gcóiríocht shealadach mhí-oiriúnach, aithnítear an phráinn a bhaineann leis an dul chun cinn tógála. Tá Gaelscoileanna Teo. i mbun polasaithe a fhorbairt ar mhúnlaí éagsúla den soláthar i gcásanna nach bhfuil éileamh leordhóthanach ann do sholáthar scoile neamhspleách. Tá plé ar bun ag an eagraíocht leis an Roinn ar fhorbairt na múnlaí seo. Áirítear i measc na múnlaí seo:-

- **(i)** Aonaid a bheith nasctha le máthairscoil lán-Bhéarla
- **(ii)** Scoileanna satailíte/cónaidhme, i. nascaithe le máthairscoil lán-Ghaeilge ach ar shuíomh éagsúil
- **(iii)** Athrú i sainmheon teanga na scoile ó bheith ina scoileanna trí mheán an Bhéarla go scoil trí mheán na Gaeilge (de bharr ná go neamhspleách ar athrú pátrúnachta).

Éileoidh forbairt múnlaí dá leithéid solúbthacht sa phróiseas rollúcháin a thógann na cúinsí seo san áireamh ach a léiríonn meas ar na bunphrionsabail a bhaineann le córas trédhearcach agus oscailte agus a chaomhnaíonn sainmheon teanga na scoile/an aonaid agus an córas tumoideachais.

Molann Gaelscoileanna Teo. obair an Ghrúpa Chomhairligh ar an bhfóram faoi Phátrúnacht agus Iolrachas in Earnáil an Bhunoideachais as an aitheantas atá tugtha don chóras oideachais trí mheán na Gaeilge, agus don áit speisialta atá aige sa tsochaí de bharr gealltanais an Stáit do chur chun cinn an chórais seo, mar atá cumhdaithe sa Bhunreacht, san Acht Oideachais agus sa Straitéis 20 bliain don Ghaeilge. Molann an Straitéis réamh-luaite cur chuige páirt-tumadh a chur i bhfeidhm sna scoileanna trí mheán an Bhéarla, céim b'fhéidir do roinnt scoileanna chun dul i dtreo sainmheon teanga na scoile a athrú chun feidhmiú mar scoil lán-Ghaeilge. Molaimid é seo mar rogha inmharthana chun freastal ar éileamh ar éagsúlacht agus tá ról lárnach ag Gaelscoileanna Teo. mar ghníomhaire um athraithe san obair seo agus mar ghuth ar éileamh na bpobal áitiúla.

## 2) Ag freagairt do Shaincheisteanna an Aire i gComhthéacs na Scoileanna lán-Ghaeilge

### 2a) Prótacal Tograithe do Scoil Uileghabhálach

Tagann Gaelscoileanna Teo. le moladh an Ghrúpa Comhairligh go mbeadh prótacal forbartha agus eisithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna a thabharfaidh soiléireacht do scoileanna faoina bhfreagracht as cearta páistí atá rollaithe sa scoil a chosaint, maidir le hoideachas reiligiúnach sainchreidimh agus le cleachtadh reiligiúnach.

Molann Gaelscoileanna Teo. go gclúdódh an prótacal treoirlínte agus eiseamláirí den dea-chleachtais do scoileanna faoina bhfreagracht as cearta páistí agus cearta na scoile a chosaint, maidir le sainmheon teanga na scoile.

Aontaítear leis an gcur chuige molta go bpléifí feidhmithe praiticiúla den phrótacal, go gcomhaontófaí iad agus go ndéanfaí iad a dhoiciméadú i ngach plean de chuid na scoile. Is den tábhacht é go measúnódh scoileanna a gcuid eispéireas i gcónaí chun a chinntiú go bhfuil na cleachtais is uileghabhálaí chun tosaigh ina gcuid polasaithe, agus a chaomhnaíonn sainmheon teanga na scoileanna.

## 2b) An Ilchineálacht a léiriú i gComhdhéanamh Bord Bainistíochta

Tagann Gaelscoileanna Teo. leis na critéir atá leagtha amach ag an nGrúpa Comhairleach maidir le ballraíocht an bhoird bainistíochta. Anuas ar na critéir aitheanta, is den tábhacht é na critéir seo a leanas a chur sa chuntas i gcomhthéacs na scoileanna lán-Ghaeilge:

- cumas teanga a bheith ag gach ball bord le gur féidir cruinnithe an bhoird stiúrtha a thionól trí mheán teanga chumarsáide na scoile, i. an Ghaeilge.
- suim agus tuiscint ar an gcóras oideachais trí mheán na Gaeilge agus suim i gcur chun cinn an oideachais trí mheán na Gaeilge
- tacú le héiteas uileghabhálachta a bheith sa scoil
- Tacú go gníomhach le cosaint agus cur chun cinn polasaí agus éiteas teanga na scoile.

## 2c) Measúnú Scoile Uile don Scoil Uileghabhálach

Tagann Gaelscoileanna Teo. le moladh an Ghrúpa Chomhairligh go gcuimseodh an Measúnú Scoile Uile an cleachtas maidir le hilchineálacht agus go gcuirfeadh sé roinnt ceisteanna maidir le hilchineálacht ar an gceistneoir do thuismitheoirí agus páistí.

## 2d) Féinmheastóireacht don Scoil Uileghabhálach

Tagann Gaelscoileanna Teo. le moladh an Ghrúpa Chomhairligh go mbeadh an fhéinmheastóireacht maidir le riachtanais agus cleachtais ilchineálachta san áireamh i sraith nua ionstraimí fhéinmheastóireacht na Roinne mar aon le ceisteanna faoin dtopaic seo do thuismitheoirí agus páistí.

Molann Gaelscoileanna Teo. go mbainfear leas an an ngradam 'An Brat Buí[1]', dhéanann ceiliúradh ar éagsúlacht sna scoileanna bunleibhéil agus iarbhunleibhéil, mar mheicníocht chun feasacht a ardú ar bhua na huileghabhálachta agus na hilchineálachta. Is clár praiticiúil scoil-bhunaithe atá ann a chothaíonn timpeallacht dearfach chuimsitheach ina chuirtear comhionannas agus éagsúlacht chun cinn. D'fhéadfaí deis a chur ar fáil do scoileanna tríd na hionstraimí fhéinmheastóireachta, rannpháirteacht sa scéim seo a aithint mar chritéir i dtreo cleachtais ilchineálachta. Tá scoileanna lán-Ghaeilge i measc na scoileanna ag an mbunleibhéal a d'éirigh leo gradam a bhaint amach, agus tá líon ard spéise i measc na scoileanna lán-Ghaeilge páirt ghníomhach a ghlacadh sa scéim seo.

[1] Féach http://www.yellowflag.ie/

## 2e) Éiteas nó Sainspiorad na Scoile

Freastalaíonn na scoileanna lán-Ghaeilge ar gach sainmheon creidimh, de réir éiteas creidimh na scoile faoi seach. Tá cosaint ann sa bhunreacht agus sa reachtaíocht do scoileanna tús áite a thabhairt do pháistí a thagann a gcreidimh le sainmheon creidimh na scoile, ar mhaithe le "héiteas na scoile a chaomhnú". De réir an phrionsabail céanna agus de réir an chomhionannais, is ceart go mbeadh cosaint ann do chaomhnú éiteas teanga na scoileanna lán-Ghaeilge.

De réir nósanna imeachta agus cumhachta an bhoird, leagann na scoileanna lán-Ghaeilge síos a gcuid critéir iontrála ar mhaithe le sainmheon na Gaeilge a chosaint. I bhfianaise an ró-éilimh a bhíonn ar 22% agus 29 % de na scoileanna faoi seach, leagann scoileanna amach a gcritéir ró-liostála ina mbeartas rollaithe, lena n-áirítear an tslí ina gcuirfear na critéir i bhfeidhm. Cabhraíonn sé le muinín a thabhairt d'iarratasóirí agus dá dtuismitheoirí go raibh an próiseas rollaithe á chur i gcrích ar shlí cóir agus trédhearcach. Ní chuirtear na critéir ró-liostála i bhfeidhm ach amháin sna scoileanna sin ina sáraíonn an t-éileamh an soláthar. I gcás ró-éileamh, tugtar eolas do thuismitheoirí maidir le roghanna eile lán-Ghaeilge sa cheantar (más ann dóibh).

Tá an-éagsúlacht sa phróifíl agus sna cúlraí teangeolaíochta atá ag daltaí na scoileanna lán-Ghaeilge. Áirítear ina measc:-

- páistí as teaghlaigh lán-Ghaeilge
- páistí le Gaeilge sa bhaile, de réir leibhéil agus nósmhaireachtaí éagsúla
- páistí ar bheagán Gaeilge
- páistí ar bheagán Béarla agus le máthairtheanga ó thír eile
- páistí a d'fhreastail ar naíonra agus páistí nár fhreastail
- páistí a d'fhreastail ar bhunscoil lán-Ghaeilge nó nár fhreastail.

Tugann an éagsúlacht seo saibhreas do na scoileanna ach léiríonn sé freisin na dúshláin a bhaineann le freastal ar ró-éileamh. Fáiltítear roimh phróifíl dalta an-leathan, ach an am céanna caomhnaítear príomhfhócas polasaithe iontrála na scoileanna lán-Ghaeilge - sé sin polasaí láidir Gaeilge a bheith ag an scoil agus caomhnú a dhéanamh ar shainmheon teanga na scoile chun go bhfeidhmeoidh sí go héifeachtach mar scoil lán-Ghaeilge.

## 2f) Athrú Pátrúnachta

D'fháiltigh Gaelscoileanna Teo. roimh an aitheantais ar thábhacht tairiscint ghníomhach agus soiléir ar an ngaelscolaíocht tríd na suirbhéanna ar thuismitheoirí i gcás dífheistiú phátrúnachta. Trí deis a thabhairt don phobal éileamh ar scoil lán-Ghaeilge a chur in iúl, tá feasacht á ardú ar an rogha seo go gníomhach agus tugtar le fios gur rogha oscailte é do gach páiste.

***Na Rioscaí lena mbaineann***

An dúshlán a bhaineann leis seo áfach ná gur mionlach a bheidh riamh sna tuismitheoirí a dteastaíonn scoil lán-Ghaeilge dá gcuid páistí, agus má bhunaítear cinneadh na Roinne ar líon na léirithe spéise, laghdaítear go mór na deiseanna ar sholáthar lán-Ghaeilge. Tá sé riachtanach go mbeadh ráiteas soiléir ann faoin gcóras oideachais lán-Ghaeilge agus go leagfar amach an t-eolas sa chaoi a shoiléiríonn nach iomaitheoir í ach gur rogha fiúntach oideachais é do gach páiste laistigh de na roghanna pátrúnachta agus sainchreidimh í. Mura bhfuil eolas cuimsitheach agus cothrom sa phobal ar na roghanna beidh an fortheilgean claonta. Tá sé riachtanach go mbeadh comh-dheiseanna poiblíochta agus bolscaireachta ar gach rogha, agus go mbeadh an t-ábhar bolscaireacht agus cur chuige déanta ar bhonn dátheangach.

***Córas féin-roghnúcháin don Dífheistiú***
De réir mar a d'aithin an Grúpa comhairleach, is gá go ndéanfadh scoileanna iad féin a aithint agus a chur chun cinn mar scoileanna a dteastaíonn athrú pátrúnachta uathu, ach bheadh sé sin bunaithe ar an tuiscint go mbeadh eolas cuimsitheach agus treorach ar fáil dóibh ar na féidearthachtaí, buntáistí agus na próisis lena mbaineann. Éileoidh athrú pátrúnachta ar bith próiseas machnamhach agus tréimhse aontaithe don trasdul. Beidh gá le cur chuige 'bainistíocht um athraithe' a ghlacadh ag leibhéal na Roinne chun an trasdul a éascú. Molann Gaelscoileanna Teo. cur chuige comh-phátrúnachta do thréimhse aontaithe idir an iar-phátrún agus an pátrún nua, agus moltar ionadaíocht an dá pháirtí ar an mbord bainistíochta eatramhach nua don idirthréimhse.

Molann Gaelscoileanna Teo. go ndéanfadh an Roinn anailís ar fhorbairt earnáil na scoileanna lán-Ghaeilge chun treoir a thabhairt maidir le soláthar don todhchaí, ní díreach soláthar bhunoideachais i gcoitinne. Moltar leas a bhaint as *Plean Soláthair Gaelscolaíochta* de chuid Gaelscoileanna Teo. agus Forbairt Naíonraí Teo. a aithníonn na riachtanais soláthair sa todhchaí ar fud fad na tíre, agus é forbartha de réir fhortheilgin daonra.

***Athrú teanga na scoile ón mBéarla chuig an nGaeilge, le/gan athrú pátrúnachta a chur i gcrích***
Féadfar sainmheon teanga na scoile a athrú trí athrú pátrúnachta a chur i gcrích agus/ nó gan athrú pátrúnachta a chur i gcrích. Ó thaobh aistriú teanga na scoile ón mBéarla go Gaeilge bheadh sé riachtanach go mbeadh an pátrún nua (i gcás athrú pátrúnachta) tiomanta do thacaíocht iomlán a thabhairt don scoil an sainmheon seo a chur chun cinn. Bheadh sé riachtanach go mbeadh tuiscint chuimsitheach ag pobal uile na scoile ar na buntáistí a bhaineann le feidhmiú trí mheán na Gaeilge chun nach mbeadh imní nó aineolas ag cur as don phróiseas. Bheadh ról lárnach ag Gaelscoileanna Teo. san obair seo ag méadú feasachta an phobail ar phrionsabail, cur chuige agus buntáistí an chórais tumoideachais. Tá feasach san earnáil cheana dó seo agus tá sé i gceist againn polasaí a fhorbairt chun go méadófar ar líon na n-iarratas chuige.

Is próiseas agus infheistíochta ama a bheidh sa phróiseas um athraithe sainmheon teanga. Beidh sé riachtanach múinteoirí a oiliúint le go mbeadh siad ar a suaimhneas maidir leis an mbealach tabhairt faoin gcóras tumoideachais agus maidir lena gcumas féin sa Ghaeilge. Chuige sin d'fhéadfadh ról a bheith ag COGG agus ag an CNCM i bhforbairt cúrsaí oiliúna do mhúinteoirí scoile a bheadh ag smaoineamh ar theanga na scoile a aistriú ó Bhéarla go Gaeilge.

Molann Gaelscoileanna Teo. go dtabharfaí faoi athrú teanga i mbunscoil i mbealach céimiúil, ag tosú leis na naíonáin shóisearacha (agus b'fhéidir sinsearacha) le cur chuige an tumoideachais. Thógfadh sé suas le 8 mbliain ar a mhéid go dtí go mbeadh an scoil iomlán ag feidhmiú trí Ghaeilge. Sa tréimhse seo d'fhéadfaí tabhairt faoi roinnt ábhair a mhúineadh trí mheán na Gaeilge sna ranganna nach bhfuil ag plé go hiomlán leis an tumoideachas, an fhoireann a oiliúint, teanga chumarsáide na scoile a dhíriú níos mó agus níos mó ar an nGaeilge. An aidhm sa deireadh ná go mbeadh an Ghaeilge mar theanga teagaisc agus cumarsáide ina iomláine tríd na scoile agus go mbeadh na daltaí á spreagadh le í a labhairt eatarthu féin. Bheadh ar gach scoil a plean gnímh féin a leagadh amach le tacaíocht ó na páirtithe leasmhara cuí (pátrún, Gaelscoileanna Teo, eagraíochtaí gaeloideachais srl.) de réir a gcuid cúinsí áitiúla féin. Dhéanfaí an plean a aontú leis an Roinn Oideachais i dtreo is go mbeadh comhthuiscint ann faoi cathain a n-aithneofaí an scoil mar ghaelscoil go hoifigiúil.

## 2g) Oideachas Sainchreidmheach Reiligiúnach/Foirmiú Creidimh a Dhiúltú

Mar a d'aithin an Grúpa Comhairleach, tá na scoileanna lán-Ghaeilge lárnach sa díospóireacht ar éagsúlacht sa mhéid is go bhfuil éagsúlacht sna pátrúin agus sna cineálacha scoileanna, idir

sainchreidmheach agus ilchreidmheach léirithe tríd na scoileanna lán-Ghaeilge. Tá taithí dearfach ag Gaelscoileanna Teo. a bheith ag plé leis na pátrúin éagsúla faoi cheist na pátrúnachta sna scoileanna lán-Ghaeilge, agus tá súil againn leanúint ar aghaidh ag comhoibriú leis na pátrúin reatha sna scoileanna lán-Ghaeilge chomh maith le bheith ag plé le haon phátrún eile ar spéis leo an t-oideachas trí mheán na Gaeilge, ach ar an mbonn go bhfuil tacaíocht iomlán agus ghníomhach ann d'fheidhmiú éifeachtach an chórais tumoideachais.

Tagann Gaelscoileanna Teo. le moladh an Ghrúpa Chomhairligh go leasófaí an tAcht Oideachais, Alt 15 chun alt nua a chur isteach tar éis 15(2)(b), faoina mbeadh an Bord cuntasach do na tuismitheoirí i gcoitinne, as spiorad sainiúil na scoile a chosaint agus, chomh maith leis sin, as cearta bunreachtúla tuismitheoirí agus páistí maidir le hoideachas sainchreidmheach reiligiúnach/foirmiú creidimh a chosaint.

Molann Gaelscoileanna Teo. go mbeadh cosaint sainmheon teanga sainiúil na scoile inghreamaithe sa dualgas seo.

Tagann Gaelscoileanna Teo. le moladh an Ghrúpa Chomhairligh go gcuirfeadh an tAire Oideachais agus Scileanna riachtanais chearta daonna an dlí náisiúnta agus an dlí idirnáisiúnta ar a súile do scoileanna ar mhaithe le cearta bunreachtúla agus dlíthiúla páistí agus tuismitheoirí a shoiléiriú agus chun athruithe ar na Rialacha do Scoileanna Náisiúnta a léiriú.

Tagann Gaelscoileanna Teo. le moladh an Ghrúpa Chomhairligh go bhforbródh boird bhainistíochta atá, nó a bheidh ag freastal ar pháistí as cúlraí éagsúla sa scoil acu, polasaí scoile de réir Phrótacal Ilchineálachta na Roinne agus i gcomhairle le tuismitheoirí, faoi na bearta a chuirfidh an scoil ar bun chun a cuid oibleagáidí i leith páistí agus tuismitheoirí a chomhlíonadh. Aontaítear gur ceart tuairimí agus moltaí na bpáistí a chur san áireamh freisin.

### 2h) Nithe atá mar thaca leis an Ilchineálacht sna scoileanna uile oideachas sainchreidmheach reiligiúnach

Tagann Gaelscoileanna Teo. le moladh an Ghrúpa Chomhairligh nach gcuirfeadh ullmhú do na sacraimintí, ná oideachas do dheasghnátha a bhaineann le córais chreidimh eile, isteach ar an am atá leithdháilte don churaclam ginearálta agus molann sé pléanna leanúnacha le tuismitheoirí agus leis an gcléir maidir le ról an pharóiste san ullmhú do na sacraimintí.

Ceann de dhúshláin reatha i roinnt scoileanna lán-Ghaeilge ná an éagóir atá á dhéanamh i dtaobh ullmhú do na sacraimintí i scoileanna sainchreidmheacha. Diúltaítear ceiliúradh na sacraimintí as Gaeilge i roinnt paróistí. Téann sé seo i gcoinne prionsabail na h-uileghabhálachta agus na héagsúlachta agus tá sé riachtanach go mbeadh tacaíocht ghníomhach ann don ghné fíor-thábhachtach seo i saol an pháiste mar chuid den sainchreideamh mar a bhaineann. É sin ráite, aithnímid go bhfaigheann an chuid is mó de scoileanna tacaíocht an-mhaith ó na paróistí agus tá gaol láidir comhoibrithe eatarthu. Is gá áfach bearta a chur i gcrích chun go mbeidh soláthar trí Ghaeilge d'ullmhú agus do cheiliúradh do na sacraimintí ar fáil do gach scoil lán-Ghaeilge go huathoibritheach.

### 2i) Oideachas faoi Reiligiún agus Creidiúintí, agus Eitic 6

Tagann Gaelscoileanna Teo. le moladh an Ghrúpa Chomhairligh go bhfuil sé de cheart ag gach aon pháiste Oideachas faoi Reiligiún agus Creidiúintí , agus Oideachas faoin Eitic a fháil agus gur ar an Stát atá an dualgas a chinntiú go gcuirtear iad seo ar fáil. Tá sé inmholta go bhforbródh an CNCM, le cabhair ó na comhpháirtithe oideachais, agus le haird acu ar na cláir atá ann cheana, treoirlínte don

churaclam, agus treoirlínte do mhúinteoirí don Oideachas faoi Reiligiún agus Creidiúintí agus don Eitic, de réir Prionsabal Toledo, an RedCo, agus an Cambridge Primary Review.

**2j) Déantúsáin Reiligiúnacha, Féilte agus Ceisteanna Eile nach mBaineann leis an dTeagasc**

Tagann Gaelscoileanna Teo. le moladh an Ghrúpa Chomhairligh go bhforbródh bord bainistíochta polasaí scoile, arna thacú ag treoirlínte ón Roinn, faoi fhéilte reiligiúnacha agus cultúrtha ina gcuid scoileanna. Is ceart do Bhoird a chinntiú go mbíonn féilte uileghabhálach, oideachasúil agus go n-urramaíonn siad traidisiúin éagsúla na bpáistí ina gcuid scoileanna, ar a n-áirítear féilte agus traidisiún gaelacha.

Tá sé inmholta go leagfadh an bord bainistíochta polasaí amach faoi thaispeáint oideachasúil na ndéantúsán reiligiúnach agus neamhreiligiúnach agus na saothar ealaíne i scoil, agus trí chur chuige atá cothrom agus uileghabhálach. Ní mór do gach polasaí a bheith fréamhaithe i bprionsabail na gcearta bunreachtúla, cearta dlíthiúla móide cearta daonna, agus a léireodh meas agus luach ar chultúr sainiúil na bpáistí go léir. Molann Gaelscoileanna Teo. go bhforbródh an Roinn treoirlínte soiléire do na boird bainistíochta chun cabhrú leo an dualgas seo a chur i gcrích, agus go gcuirfí deiseanna oiliúna ar fáil tríd na hionaid oideachais le feidhmiú na dtreoirlínte a éascú.

**2k) Uileghabhálacht Shóisialta agus Páistí le Riachtanais Speisialta Oideachais**

Fáiltíonn Gaelscoileanna Teo. roimh an riachtanais go mbeadh ar phátrúin ionchasacha ar bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna nua, critéir ilchineálachta a shásamh, agus bheith in ann a dtiomantas don chomhionannas sóisialta agus reiligiúnach, agus don soláthar cothromasach ionad do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) acu, a léiriú.

Ceanglaíonn Alt 15 den Acht Oideachais ar scoileanna foráil a dhéanamh ina mbeartas rollaithe do dhaltaí atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta eile oideachais acu. Déanann na Scoileanna lán-Ghaeilge freastal ar leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu de réir mar a dhéanann gach scoil, ach na háiseanna agus acmhainní a bheith acu chun freastal mar is cuí ar riachtanais ar leith an pháiste.

Tá páistí le RSO de chineálacha éagsúla go forleathan tríd na scoileanna lán-Ghaeilge, agus an líon ag dul i méid (staitisticí Gaelscoileanna Teo.) Fáiltítear go mór rompu agus cuirtear gach tacaíocht ar fáil dóibh. Léiríonn taithí na scoileanna go n-éiríonn chomh maith le páistí le RSO i scoileanna lán-Ghaeilge is a n-éiríonn leo i scoileanna lán-Bhéarla ach go mbíonn buntáiste an dátheangachais acu, buntáiste a cheiltear go han-mhinic ar pháistí le RSO i scoileanna Béarla.

Tá, áfach, gá le seirbhís eolais agus tacaíochta a fhorbairt do thuismitheoirí agus a gcuid páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais orthu ag an mbunleibhéal agus an iarbhunleibhéal lán-Ghaeilge, agus dóibh siúd nach bhfuil tagtha isteach sa chóras bunscolaíochta go fóill. Tá Gaelscoileanna Teo. i mbun comhchainteanna leis an NCSE ar an ábhar seo faoi láthair, agus tá na dúshláin leagtha os a chomhair amach. Tá tacaíocht léirithe ag an NCSE i dtreo réitigh ar na dúshláin seo.

Aithníonn taighde uile-Éireann ar riachtanais tacaíochta agus traenála na hearnála lán-Ghaeilge *Riachtanais Speisialta Oideachais i scoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán, Pobal agus COGG 2010*, go bhfuil easnaimh mór sna struchtúr tacaíochta do pháistí an chórais a bhfuil riachtanais speisialta acu. Baineann an t-easnamh seo ach go háirithe le tacaíochtaí ó roinnt gairmeacha, teiripeoirí urlabhra agus teanga agus síceolaithe ach go háirithe. Aithnítear go bhfuil síceolaithe NEPS den scoth ar fáil, le suim sa chóras agus tuiscint air, ach is feiniméan coitianta é go léirítear

easpa tuisceana ar chumas an chórais plé go dearfach leis an bpáiste le RSO. Dá thoradh seo, is minic a cheistítear oiriúnacht an chórais do pháistí le RSO. Déantar moladh go minic páiste a aistriú ó scoil lán-Ghaeilge go scoil Bhéarla, gan aon fhianaise ann le tacú leis an moladh. Is ábhar mór imní é seo do thuismitheoirí agus ábhar míshástachta do na scoileanna atá ag iarraidh gach deis a thabhairt do gach páiste sa chóras ar bhonn cothrom. Aithnítear go bhfuil feabhas tagtha ar thuiscint na soláthróirí seirbhíse ar oiriúnacht an pháiste le RSO don ghaelscoil, ach aithnítear go bhfuil gá leis an tuiscint sin a mhéadú go córasach. Dá mbeadh eolas níos cuimsithí agus comhleanúnach ar fáil do thuismitheoirí le páistí le RSO mhéadódh sé muinín agus tuiscint na dtuismitheoirí gur scoileanna feiliúnacha iad na scoileanna lán-Ghaeilge dá gcuid páistí. Dá thoradh, mhéadódh líon na bpáistí le RSO sna scoileanna lán-Ghaeilge.

## 3. Saincheisteanna eile i gComhthéacs na Scoileanna lán-Ghaeilge

### 3a) Córas Roghnach agus Uileghabhálach

Córas roghnach atá sa chóras gaelscolaíochta do pháistí arb é mian a dtuismitheoirí é oideachas lán-Ghaeilge a bheith ag a gcuid páistí. Is rogha tarraingteach oideachais é córas na gaelscolaíochta a fháiltíonn roimh agus a fhreastalaíonn ar pháistí:-

- ó chúlraí éagsúla socheacnamaíochta
- as cúlraí éagsúla teangeolaíochta
- inimircigh ó gach cúlra teangeolaíoch
- páistí ó cheantair faoi mhíbhuntáiste[2]
- páistí le Riachtanais Speisialta Oideachais de réir gach próifíl[3]
- páistí ón lucht siúil[4].

Is córas oscailte uileghabhálach é ina ndéantar ceiliúradh ar shaibhreas na héagsúlachta. Léiríonn an cleachtas gur saibhre na scoileanna lán-Ghaeilge de réir mar a chuirtear le líon na bpáistí le próifíl agus cúlraí éagsúla.

Ní chuireann córas iontrála na scoileanna lán-Ghaeilge aon bhac ar pháistí taisteal chun a rogha scoile ó cheantair ar bith, más ann do spás dóibh sa scoil. Is cur chuige riachtanach é seo i ngeall ar nádúr roghnach an chórais agus a laghad scoileanna lán-Ghaeilge atá ann i gcomórtas le scoil trí mheán an Bhéarla. Tá luach ag baint leis an gcur chuige seo ó thaobh forbairt scoileanna tras-phobail.

## Focal Scor

Mar cheann de na páirtithe leasmhara a ghlac páirt in obair an Fhóraim, fáiltíonn Gaelscoileanna Teo. go mór roimh an deis ionchur a bheith acu i múnlú pholasaí an Rialtais ar uileghbhálacht sna bunscoileanna a chur chun cinn agus i bhforbairt pháipéar bán sa bhliain 2014.

Aithníonn an eagraíocht bunús na hoibre seo, agus aithnítear go bhfuil éagsúlacht níos mó ag teastáil sa bhunscolaíocht chun freastal ar riachtanais agus mianta tuismitheoirí dá bpáistí agus ag an am céanna, córas a thacaíonn le réaltacht na sochaí chomhaimseartha.

---

[2] Tá 14 bhunscoil lán-Ghaeilge le haitheantas DEIS (6 banda 1 & 8 banda 2).
[3] Tá staitisticí ar riachtanais agus ar phróifíl na ndaltaí le Riachtanas Speisialta Oideachais fáthmheasta á gcomhordú ag Gaelscoileanna Teo. faoi láthair
[4] De réir staitisticí 2011 – 2012 Gaelscoileanna Teo., tá 78 páiste ón lucht siúil sna scoileanna lán-Ghaeilge.

Deimhníonn Gaelscoileanna Teo.  ach go háirithe an t-aitheantas atá léirithe ag an nGrúpa Comhairleach go bhfuil éileamh níos mó ar scolaíocht trí Ghaeilge ná mar a cheadaíonn an soláthar.

**D'fháilteodh GAELSCOILEANNA TEO. roimh an deis aon chuid de na moltaí seo thuas a phlé leis an Roinn agus beimid ag súil leis an deis polasaithe a fhorbairt i gcomhair leis an Roinn chun freastal sásúil ar éileamh tuismitheoirí do scoileanna lán-Ghaeilge.**